GCSE

TREOIR DO MHÚINTEOIRÍ
GCSE CCEA

Stair

Aonad 2:
Caidrimh Idirnáisiúnta, 1945–2003

Paca Acmhainní:
Ionsaithe 11 Meán Fómhair

Le teagasc den chéad uair ó Mheán Fómhair 2017

Caidrimh Idirnáisiúnta, 1945–2003

Réamhrá don Phaca Acmhainní

Forbraíodh an paca seo le tacú le teagasc agus foghlaim *'Caidrimh Idirnáisiúnta, 1945 – 2003'*, agus go háirithe, ábhar atá sa rogha seo den chéad uair – *'Fáthanna le hionsaithe 11 Meán Fómhair, freagairt SAM agus a chomhghuaillithe, agus an cogadh in éadan na sceimhlitheoireachta'*. Is é inneachar na sonraíochta don ábhar seo:

Teacht chun cinn teannas nua, 1991-2003	**Fáthanna le hionsaithe 11 Meán Fómhair** **Freagairt SAM agus a chomhghuaillithe, agus 'an cogadh in éadan na sceimhlitheoireachta'**

Tá roinn '*treoir do mhúinteoirí*' ann do gach gníomhaíocht, le cois '*treoracha do dhaltaí*'. Cuirtear faisnéis achomair chúlra gach gníomhaíochta ar fáil fosta. Cuireann gach gníomhaíocht deiseanna ar fáil riachtanais reachtúla scileanna Churaclam Thuaisceart Éireann ag Eochairchéim 4 a fhorbairt le cois na scileanna a mbeifear ag súil go léireoidh daltaí sa scrúdú don rogha seo:

- eolas agus tuiscint a léiriú ar phríomhghnéithe agus ar phríomhthréithe na tréimhse a ndearnadh staidéar uirthi (CM1);

- imeachtaí stairiúla agus tréimhsí stairiúla a ndearnadh staidéar orthu a mhíniú agus anailís a dhéanamh orthu ag baint úsáid as coincheapa stairiúla den dara hord, lena n-áirítear leanúnachas, athrú, cúis, iarmhairt, tábhacht, cosúlacht agus éagsúlacht (CM2);

- anailís a dheanamh ar fhoinsí (i gcomhaimsir leis an tréimhse), iad a mheas agus úsáid a bhaint astu le breithiúnais a bhfuil bunús leo a thabhairt, i gcomhthéacs imeachtaí stairiúla a ndearnadh staidéar orthu (CM3); agus

- anailís a dhéanamh ar léirmhínithe, iad a luacháil agus breithiúnais a bhfuil bunús leo a thabhairt (lena n-áirítear cad é an dóigh agus cad chuige a mbeadh difear idir léirmhínithe) i gcomhthéacs imeachtaí stairiúla a ndearnadh staidéar orthu (CM4).

Cúlra an ábhair

Ba am cinniúnach i dteacht chun cinn an 'chogaidh in éadan na sceimhlitheoireachta' agus a thionchar ar chaidrimh idirnáisiúnta ina dhiaidh sin na hionsaithe ar an Ionad Trádála Domhanda i Nua Eabhrac ar 11 Meán Fómhair 2001.

Idir 8 agus 9 a.m. an mhaidin sin, fuadaíodh ceithre heitilt paisinéara in oirthuaisceart SAM. Tuairteáladh beirt de na heitleáin seo ar na Túir Chúplacha den Ionad Trádála Domhanda i Nua Eabhrac agus tuairteáladh an tríú ceann isteach ar an *Pentagon* in *Washington D.C.* Tugadh an ceathrú heitleán chun talaimh in Pennsylvania i ndiaidh streachailte idir fuadaitheoirí agus paisinéirí.

San iomlán, mharaigh na 19 bhfuadaitheoir amach is isteach ar 3,000 duine. An lá arna mhárach, d'fhógair Uachtarán SA, George W. Bush, go raibh SAM i gcogadh in éadan na sceimhlitheoireachta.

Gníomhaíocht a hAon

Teideal: Fáthanna le hIonsaithe 11 Meán Fómhair

Príomhcheist: Cad chuige ar ionsaíodh SAM ar 11 Meán Fómhair 2001?

Treoracha do Dhaltaí

* Tabharfar eolas duit a bhaineann le príomhfháthanna le hionsaithe 11 Meán Fómhair. Léigh an t-eolas go cúramach agus cuir na cártaí in ord croineolaíoch.

* Déan nótaí suimitheacha ar theimpléad Roth na nIarmhairtí nó ar theimpléad Tábla na nIarmhairtí a thug do mhúinteoir duit.

* Bain úsáid as na nótaí a rinne tú le píosa scríbhneoireacht shínte a chur i gcrích ar an ábhar seo, ag baint úsáid as an fhráma scríbhneoireachta atá curtha ar fáil.

* Lean treoracha do mhúinteora le tábhacht dhá fháth le hionsaithe 11 Meán Fómhair a mhíniú.

Treoir do Mhúinteoirí

* Tabhair bileoga eolais do na daltaí ar fháthanna le hionsaithe 11 Meán Fómhair. Is féidir iad seo a ghearradh amach ar bhonn aonair (Teimpléad A).

* Dáil amach iad, ceann i ndiaidh an chinn eile le gur féidir le daltaí an fhaisnéis a phlé agus nótaí a dhéanamh ar gach cúis. D'fhéadfaí fosta an ghníomhaíocht seo a chur i gcrích mar chuid de ghníomhaíocht Timpealláin (Teimpléad B).

* Baineann daltaí úsáid as Roth nó Tábla Iarmhairtí le hachoimre a dhéanamh ar shonraí in ord croineolaíoch (Teimpléad C).

* Bain úsáid as fráma scríbhneoireachta le cuidiú le daltaí píosa scríbhneoireacht shínte ar an ábhar a chur i gcrích (Teimpléad D).

* Iarr ar dhaltaí dhá fháth le hionsaithe 11 Meán Fómhair a phlé agus ansin a dtábhacht a mhíniú (Teimpléad E).

Gníomhaíocht a hAon

Teimpléad A – Fáthanna le hIonsaithe 11 Meán Fómhair

Cogadh na hAfganastáine, 1979-89

Rinne na Sóivéadaigh ionradh ar an Afganastáin sa bhliain 1979 le rialtas a bhí báúil leis na Sóivéadaigh a chur i réim. Tharla an eachtra seo le linn an Chogaidh Fhuair agus chuaigh an caidreamh idir APSS agus SAM in olcas dá thairbhe. Mar fhreagairt ar ionradh na Sóivéadach, chuir SAM, faoi Ronald Reagan, airgead chuig an Mujahideen in Afganastáin, a bhí ag troid in éadan trúpaí na Sóivéadacha. Tháinig Moslamaigh ó thíortha eile le tacú leis an Mujahideen. D'fháig Osama bin Laden a bhaile san Araib Shádach le troid in éadan na Sóivéadach in Afganastáin san am sin. D'amharc na trodaithe seo ar an chogadh mar 'jiohád' nó 'chogadh naofa' agus bhí eagla orthu go raibh Ioslam faoi bhagairt sa réigiún.

An Cogadh idir an Iaráin agus an Iaráic 1980–88

San Iaráin, sa bhliain 1979, cuireadh an ceannaire, a dtugtaí an Shah air, as cumhacht agus cuireadh an Ayahtollah Khomeini, Moslamach radacach Siach (Shi'ite), ina áit. Chuir sé rialtas Ioslamach ar bun sa tír. Bhí tionchar ollmhór aige seo ar an Mheánoirthear, ach go háirithe ar an Iaráic. Bhí an Iaráic faoi riail Saddam Hussein agus an Pháirtí Ba'ath, ar Moslamaigh Shunnaíocha iad (cé gur Shi'ite 60% den daonra). Rinne an Iaráic ionradh ar an Iaráin sa bhliain 1980 agus mhair an cogadh ocht mbliana, ach níor bhain taobh ar bith. Fágadh fiacha ollmhóra ar an Iaráic – bhí $14 billiún ag Cuáit amháin uirthi. Le haisíoc an airgid seo a sheachaint, rinne an Iaráic, faoi cheannaireacht Saddam Hussein, ionradh ar Cuáit ar 2 Lúnasa 1990.

Oibríocht Desert Shield, Lúnasa 1990

Bhí Uachtarán SA, George H. Bush, imníoch faoi fhorghabháil Cuáit ag SaddamHussein, nó bhí SAM ag brath go mór ar sholáthairtí ola ó réigiún an Mheánoirthir, go háirithe an Araib Shádach. Ba é an eagla a bhí ar an Uachtarán Bush go ndéanfadh Saddam Hussein ionradh ar an Araib Shádach. Mar sin de, d'iarr sé cead ar an rialtas Shádach trúpaí SA a chur ansin le hiad a chosaint. Ghlac na Sádaigh leis agus thosaigh SAM ar Oibríocht Desert Shield ar 7 Lúnasa 1990.

Al-Qaeda

Sa bhliain 1988-89, chruthaigh Osama bin Laden an eagraíocht, a dtugtaí Al-Qaeda uirthi. Ba é an aidhm a bhí acu Ioslam a chosaint ar fud an domhain. Bhí fuath ag Al-Qaeda ar luachanna Meiriceánacha. Sa bhliain 1990, thairg bin Laden a arm do na Sádaigh le hiad a chosaint ar ionradh fhéideartha ón Iaráic. Nuair a ghlac na Sádaigh le cuidiú ó SAM ina áit sin, bhí bin Laden ar buile. Ba mhian leis pionós a chur ar SAM as an tír naofa Ioslamach, an Araib Shádach, a mhaslú.

Ba é aidhm Al-Qaeda rialtais sa Mheánoirthear agus sa domhan Mhoslamach, nach gcuireann riail docht reiligiúnach a chur i bhfeidhm, a chur as cumhacht. Ba mhian le Al-Qaeda deireadh a chur le tionchar SA sna tíortha seo, agus riail Ioslamach a leathadh. Chreid bin Laden gurbh fhéidir úsáid a bhaint as beartaíocht sceimhlitheoireachta sa chogadh seo in éadan an Iarthair – má bhí marú sibhialtach féin i gceist leis seo.

Oibríocht Desert Storm, 1991

Tosaíodh air seo ar 24 Feabhra 1991, nuair a shocraigh SAM agus comhghuaillíocht 50 tír Cuáit a shaoradh ó smacht na hIaráice. Chuir siad seo i gcrích faoi 28 Feabhra. Chinn an tUachtarán Bush, áfach, gan ionradh a dhéanamh ar an Iaráic ná Saddam Hussein a chur as cumhacht, ar eagla nach mbeadh SAM in ann rialtas seasmhach a bhunú san Iaráic. Ina áit sin, lonnaigh an tUachtarán Bush 5,000 trúpaí san Araib Shádach le tacú le 'limistéar faoi chosc eitilte' thar dheisceart na hIaráice.

Ionsaí ar an Ionad Trádála Domhanda, 1993

Phléasc ball d'Al-Qaeda, Ramzi Yousef, buama trucaile 1,500 punta i gcarrchlós túir thuaidh an Ionad Trádála Domhanda. Bhí sé ag iarraidh na Túir Chúplacha a scrios, agus, cé gur theip air seo a dhéanamh, mharaigh sé 6 dhuine agus ghortaigh sé 1042 eile. Bhí Al-Qaeda ag taispeáint go raibh siad ag cur pionóis ar SAM mar gheall ar a gcur isteach sa Mheánoirthear le gairid.

1996 Téann an Talaban i gceannas na hAfganastáine, 1998, Fógraíonn Al-Qaeda Cogadh agus ionsaithe ar Ambasáidí SA san Afraic

Ba ghrúpa radacacha Ioslamach an Talaban, a bhí mar chuid d'fhórsaí an Mujahideen a throid in éadan na Sóivéadach sa chogadh san Afganastáin. Bhunaigh siad stát Ioslamach ansin. Ansin, thaistil bin Laden ar ais chun na hAfganastáine lena lucht tacaíochta in Al-Qaeda. D'eisigh sé 'Fógairt Cogaidh' in éadan SAM agus a chomhghuaillithe ar 23 Feabhra 1998. Go gearr ina dhiaidh sin, rinne Al-Qaeda ionsaithe in éadan SAM. Ar 7 Lúnasa 1998, buamáladh Ambasáidí SA sa Chéinia agus sa Tansáin agus maraíodh thar 200 duine agus gortaíodh amach is isteach ar 4,000. Mar fhreagairt, rinne SAM ionsaithe ar an Afganastáin agus ar an tSúdáin agus, i Mí na Samhna, chúisigh Ard-Ghiúiré SA Osama bin Laden as a bheith freagrach as na hionsaithe ar Ambasáidí SA san Afraic.

Ionsaí 2000 ar USS Cole, Éimin

D'ionsaigh líonra de chuid Al-Qaeda an long chabhlaigh SA '*USS Cole*' amach ó chósta Éimin. Maraíodh 17 mairnéalach Meiriceánach. San am sin, bhí ceannaire Al-Qaeda, Khalid Sheikh Mohammad agus daoine eile ag pleanáil ionsaithe 11 Meán Fómhair cheana féin.

Gníomhaíocht a hAon

Teimpléad B – Cad chuige ar ionsaíodh SAM ar 11 Meán Fómhair 2001?

Déan nótaí achomaire ar na himeachtaí atá ainmnithe sa tábla seo. Féach le trí phríomhphointe a chuimsiú do gach roinn.

Cogadh na hAfganastáine, 1979-89
An Cogadh idir an Iaráin agus an Iaráic, 1980–88
Oibríocht Desert Shield, Lúnasa 1990
Al-Qaeda, 1988+
Oibríocht Desert Storm, 1991
Ionsaí ar an Ionad Trádála Domhanda, 1993
Imeachtaí, 1996-98
USS Cole, 2000

Gníomhaíocht a hAon

Teimpléad D – Cad chuige ar ionsaíodh SAM ar 11 Meán Fómhair 2001?

Bain úsáid as an eolas atá cruinnithe agat le freagairt fhada ar an cheist thuas a scríobh.

Intreoir
Ar maidin 11 Meán Fómhair 2001, fuadaíodh ceithre heitleán paisinéirí in oirthuaisceart SAM. Tuairteáladh beirt de na heitleáin seo ar na Túir Chúplacha den Ionad Trádála Domhanda i Nua Eabhrac ina dhiaidh sin agus tuairteáladh an tríú ceann isteach ar an Pentagon in Washington D.C., agus ceann eile os cionn Pennsylvania. Roinnt cúinsí ag oibriú i gcomhar ba chúis leis na hionsaithe seo.

Paragraf 1
Chuaigh roinnt cúiseanna fadtéarmacha siar go dtí cogadh 1979-89 san Afganastáin...

Paragraf 2
I dtrátha an ama seo, bhunaigh Osama bin Laden Al-Qaeda...

Paragraf 3
Idir an dá linn, sa bhliain 1991, chinn George H.W. Bush, Uachtarán SA, ar Cuáit a shaoradh ó na hIarácaigh. De bharr ionradh SA ar an Iaráic agus forghabháil na hAraibe Sádaí, chinn Osama bin Laden ar...

Paragraf 4
Idir 1993 agus 2000...

Conclúid

Fad a bhí na hionsaithe seo ag tarlú, bhí ceannaire Al-Qaeda, Khalid Sheikh Mohammad, agus daoine eile ag pleanáil ionsaithe 11 Meán Fómhair, 2001 cheana féin.

Gníomhaíocht a hAon

Teimpléad C – Roth Iarmhairtí: Cad chuige ar ionsaíodh SAM ar 11 Meán Fómhair 2001?

Déan cóip den Roth Iarmhairtí thíos agus déan nótaí achomaire ar na fáthanna le hionsaithe 11 Meán Fómhair



Gníomhaíocht a hAon

Teimpléad E – Cad chuige ar ionsaíodh SAM ar 11 Meán Fómhair 2001?

Roghnaigh dhá fháth a ndearnadh ionsaí ar SAM ar 11 Meán Fómhair agus i gcás gach fátha a roghnaíodh, mínigh a thábhacht mar chúis le hionsaithe 11 Meán Fómhair.

Fáth	**Tábhacht an fhátha**
Rogha 1	
Rogha 2	

Gníomhaíocht a Dó

Teideal: Na Fáthanna le hIonsaithe 11 Meán Fómhair

Príomhcheist: Cad é a insíonn na foinsí dúinn faoi na fáthanna a ndearnadh ionsaí ar SAM ar 11 Meán Fómhair, 2001?

Treoracha do Dhaltaí

* Léigh tríd na foinsí uilig agus déan nótaí orthu – breac síos smaointe ar bith a thiocfaidh isteach i do cheann, bunaithe ar an eolas atá agat ar an ábhar seo cheana féin.

* Pléigh na foinsí le do mhúinteoir agus leis an duine atá ina shuí in aice leat.

* Déan do bhealach tríd na ceisteanna, ceann i ndiaidh an chinn eile. Bí cinnte go n-iarrann tú ionchur nó cuidiú má bhíonn seo de dhíth ort.

* Críochnaigh gach freagairt scríofa. Tabhair a oiread mioneolais agus is féidir leat.

Treoir do Mhúinteoirí

* Tabhair ábhar foinse do na daltaí. Tabhair am dóibh seo a léamh ar bhonn aonair ó thús. (Teimpléad A).

* Pléigh inneachar, údarthacht, lucht éisteachta, comhthéacs na foinse srl do Fhoinsí A, B agus C. Taispeáin foinsí go físiúil ar scáileán agus cuir nótaí thart orthu, ceann i ndiaidh an chinn eile.

* Iarr ar dhaltaí dul i gcomhairle le chéile nuair a bhíonn siad ag ullmhú freagairtí scríofa ar na ceisteanna (Teimpléad B).

* Cuidigh le daltaí a bhfuil cuidiú de dhíth orthu le linn chéim na scríbhneoireachta den ghníomhaíocht seo.

* Iarr ar dhaltaí, trí scrúdú a dhéanamh ar Fhoinsí A agus C, leanúnachas a chur san áireamh i dtaca le smaointe agus creidimh atá ag antoiscigh Ioslamacha thar dhá thréimhse.

Gníomhaíocht a Dó

Teimpléad A – Na fáthanna le hionsaithe 11 Meán Fómhair

Léigh na foinsí uilig agus ansin comhlánaigh na ceachtanna scríofa ina ndiaidh.

Foinse A

Ó Sayyid Qutb, *Islam and the Problem of Civilisation* (Dar al-Shuruq, 1962). Curtha in oiriúint ó *The War on Terror*, *David Downing, Franklin Watts, 2007*.

"Cad é an breithiúnas ba chóir dúinn a thabhairt ar Chultúr bréige seo an Iarthair? Cad é ba chóir a dhéanamh faoi Mheiriceá agus faoin Iarthar, i bhfianaise chomh contúirteach agus atá siad don chine daonna? Nár chóir dúinn breith bháis a thabhairt? Nach é sin an breithiúnas is cuí don choir?"

Faisnéis chúlra

Ba phríomhbhall Qutb den Bhráithreachas Mhoslamach, a bunaíodh san Éigipt sa bhliain 1928. Ba é an cuspóir a bhí aige sochaí na hÉigipte a dhéanamh níos Ioslamaí. Chreid Qutb agus a lucht leanúna go raibh cultúr an Iarthair truaillithe.

© 'The War onTerror – Timeline Series' le David Downing, Franklin Watts Publishers, 2008

Foinse B

Ó theagasc Abdullah Azzam, ní fios cén dáta. Curtha in oiriúint ó *OCR Modern World History, Ben Walsh, Hodder Education, 2009.*

"A chomh-Mhoslamacha, is é 'Jiohád' nó 'cogadh naofa' cuspóir bhur saoil… Iad siúd a shíleann gur féidir le reiligiún Allah an bua a fháil gan cogadh naofa nó gan cath ina n-éadan siúd sa domhan Thiar nach bhfuil reiligiún ar bith acu agus gan foréigean, tá siad ag cur dallamullóg orthu féin. Ní thuigeann siad gnéithe fíora an reiligiúin Ioslamaigh."

Faisnéis chúlra

Ba mhúinteoir Palaistíneach Azzam, a bhunaigh eagraíocht sa Phacastáin (i ndiaidh ionradh na Sóivéidí ar an Afganastáin) sa bhliain 1979, a raibh sé mar aidhm aici saighdiúirí Moslamacha a earcú. In éineacht le Osama bin Laden, chuidigh Azzam Al-Qaeda a chruthú mar arm Moslamach ar fud an domhain.

© 'OCR GCSE Modern World History' le Ben Walsh, Hodder Education, 2009

Foinse C

Ó ráiteas de chuid Osama bin Laden, Feabhra 1998. Curtha in oiriúint ó *OCR Modern World History*, *Ben Walsh, Hodder Education, 2009*.

"Tá an bhreith na Meiriceánaigh agus a gcomhghuaillithe a mharú – idir shibhialtaigh agus an t-arm – mar dhualgas ar gach Moslamach a dtig leis a dhéanamh i dtír ar bith inar féidir a dhéanamh... Is é seo an rud a theagascann Allah Uilechumhachtach dúinn, troidfimid in éadan na bpágánach le chéile mar throideann siadsan i bhur n-éadan le chéile agus troidfimid ina n-éadan go dtí go mbíonn deireadh le trioblóid uathu."

Faisnéis chúlra

Ba mhac é Osama bin Laden, do fhear shaibhir ón Araib Shádach a raibh comhlacht tógála aige. Throid sé taobh leis an Mujahideen le linn chogadh na hAfganastáine, 1979–89. Chuidigh sé le Al-Qaeda a chruthú ina dhiaidh sin. Bhí bin Laden in ainm a bheith ar dhuine de na máistir phleanálaithe a d'eagraigh na hionsaithe ar SAM ar 11 Meán Fómhair 2001.

© 'OCR GCSE Modern World History' le Ben Walsh, Hodder Education, 2009

Gníomhaíocht a Dó

Teimpléad B – Ceisteanna: Na Fáthanna le hIonsaithe 11 Meán Fómhair

Ceisteanna

1. Cad é a insíonn **Foinse A** dúinn faoi dhearcadh Qutb ar na Stáit Aontaithe Mheiriceá agus ar an Iarthar?

2. Comhlánaigh an tábla thíos lena mhíniú mar atá dearcadh Azzam agus dearcadh Osama bin Laden ***cosúil*** lena chéile. Tabhair athfhriotail díreach ó gach foinse le tacú le gach sampla. Tabhair míniú ar an dóigh a bhfuil na foinsí cosúil lena chéile i do fhocail féin i gcolún na 'Nótaí achomaire.'

	Foinse B	**Foinse C**	**Nótaí achomaire**
Cosúlacht 1			
Cosúlacht 2			

Anois, taispeáin dhá dhóigh a bhfuil **difríocht** idir Foinse B agus Foinse C.

	Foinse B	**Foinse C**	**Nótaí achomaire**
Difríocht 1			
Difríocht 2			

3. I bhfoinse A, tá Sayyid Qutb ag caint sa bhliain 1962, ach i bhFoinse C, tá Osama bin Laden ag caint sa bhliain 1998.

Scríobh dhá shampla sa tábla a léiríonn leanúnachas sna creidimh atá ag antoiscigh Ioslamacha idir 1962 agus 1998:

	Foinse A	**Foinse C**	**Míniú ar leanúnachas (i do fhocail féin)**
Sampla 1 de leanúnachas			
Sampla 2 de leanúnachas			

Gníomhaíocht a trí

Teideal: Freagairt SAM agus a chomhghuaillithe ar ionsaithe 11 Meán Fómhair

Príomhcheist: Cad é mar a d'fhreagair SAM agus a chomhghuaillithe ar ionsaithe 11 Meán Fómhair?

Treoracha do Dhaltaí

* Léigh tríd an dá fhoinse agus déan nótaí orthu – breac smaointe ar bith a thiocfaidh isteach i do cheann, bunaithe ar an eolas atá agat ar an ábhar seo cheana féin.

* Pléigh na foinsí le comhpháirtí nó i ngrúpaí beaga.

* Freagair gach ceist agus tabhair a oiread mionsonraí agus is féidir leat.

Treoir do Mhúinteoirí

* Tabhair ábhar foinse do na daltaí. Tabhair am dóibh staidéar a dhéanamh ar na foinsí ar bhonn aonair ó thús.

* Pléigh inneachar, údarthacht, lucht éisteachta, comhthéacs srl do Fhoinsí A, agus B. Méadaigh na foinsí agus taispeáin iad sa dóigh is gur féidir iad a anótáil.

* Tabhair deis do dhaltaí a smaointe a phlé/a bhfreagraí scríofa ar na ceisteanna a phleanáil.

Gníomhaíocht a Trí

Teimpléad A – Cérbh é freagairt SAM agus a chomhghuaillithe ar ionsaithe 11 Meán Fómhair?

Déan staidéar ar na foinsí thíos agus comhlánaigh an ceacht scríofa ina dhiaidh:

Foinse A

Athfhriotail ó *The War on Terror*, David Downing, Franklin Watts, 2007.

"Ar 12 Meán Fómhair, chuir George W. Bush an freagra ar fáil: bhí SAM i gcogadh leis an sceimhlitheoireacht. Dhá lá ina dhiaidh sin, rith Comhdháil na SA Údarú Úsáid a Bhaint as Neart Míleata a thug ceart dlíthiúil don Uachtarán Bush úsáid a bhaint as 'gach neart cuí agus riachtanach' in éadan na namhad nua seo. Ar 21 Meán Fómhair, d'éiligh sé go ndéarfadh gach rialtas ar an domhan cad é an taobh a raibh siad air.

© 'The War onTerror – Timeline Series' le David Downing, Franklin Watts Publishers, 2008

Foinse B

Eagarthóir Jean-Marie Colombani ag scríobh sa nuachtán *Le Monde* , an Fhrainc, 12 Meán Fómhair, 2001. Curtha in oiriúint ó *The War on Terror*, *David Downing, Franklin Watts, 2007.*

"Sa nóiméad tragóideach seo, nuair nach leor caint lena chur in iúl an t-uafás a mhothaíonn daoine, is é seo an chéad rud a thig isteach inár gceann: Is Meiriceánaigh uilig muid!...

Leoga, díreach mar a bhí sna huaireanta is léanmhaire inár stair féin, cad é mar thiocfadh linn a mhothú nach gcaithfimid seasamh leis na daoine sin, leis an tír sin, na Stáit Aontaithe, a bhfuil muid chomh mór sin leo agus a bhfuil muid a oiread sin i bhfiacha leo ar son ár saoirse?"

© 'The War onTerror – Timeline Series' le David Downing, Franklin Watts Publishers, 2008

1. Ag baint úsáid as **Foinse A agus as d'eolas féin**, mínigh cad é mar a d'fhreagair SAM sna laethanta go díreach i ndiaidh ionsaithe 11 Meán Fómhair, 2001.

2. Ag baint úsáid as d'eolas féin ar ionsaithe 11 Meán Fómhair, mínigh cad chuige ar shíl an tUachtarán Bush agus SAM go raibh sé de cheart acu 'an cogadh in éadan na sceimhlitheoireachta' a fhógairt.

3. Scríobh bolgán smaoinimh do George W. Bush go díreach i ndiaidh ionsaithe 11 Meán Fómhair, ag míniú cad chuige a bhfuil sé ag fógairt 'cogadh in éadan na sceimhlitheoireachta' i gcoinne antoisceach Ioslamach.



4. **Ag baint úsáid as Foinse B agus as d'eolas féin**, mínigh freagairt tíortha eile ar ionsaithe 11 Meán Fómhair.

Gníomhaíocht a Ceathair

Teideal: Ionsaithe 11 Meán Fómhair agus a n-iarmhairtí

Príomhcheist: Cérbh iad iarmhairtí ionsaithe 11 Meán Fómhair go dtí deireadh na bliana 2001?

Treoracha do Dhaltaí

* Léigh tríd na cártaí iarmhairtí uile a thugtar duit.

* Oibrigh le daltaí i do ghrúpa leis an ord chróineolaíoch ina nochtfaí na cártaí seo a phlé. Aontaigh ar an ord deiridh i do ghrúpa.

* Socraígh cad iad na cártaí ba chóir a bheith faoin teideal iarmhairtí láithreacha agus cad iad na cinn ba chóir a bheith faoin teideal iarmhairtí gearrthéarmacha. Luaitear dhá iarmhairt níos fadtéarmaí fosta.

* Aon uair amháin a bheidh a n-ord pléite ag gach grúpa, scríobh an t-eolas isteach san amlíne a thugann do mhúinteoir duit.

* Anois, roghnaigh iarmhairt amháin ionsaithe 11 Meán Fómhair agus mínigh cad chuige a síleann tú gurbh í ba thábhachtaí.

* Trí bheith rannpháirteach i ndíospóireacht ranga uile agus trí theimpléad an cheistneora ar 'thábhacht' a chomhlánú, déan measúnú ar thábhacht imeachtaí 11 Meán Fómhair i dtaca le caidrimh idirnáisiúnta de.

Treoir do Mhúinteoirí

* Gearr amach tacar cártaí iarmhairtí agus tabhair do na daltaí iad (Teimpléad A). Níor chóir dóibh seo a bheith in ord chróineolaíoch, mar atá siad faoi láthair ar bhileog an teimpléid ina dhiaidh seo.

* Agus iad ag obair i ngrúpaí beaga, ba chóir do na daltaí féachaint leis na cártaí a chur in ord – tá dátaí ar chuid de na cártaí agus níl ar chuid eile.

* Anois, iarr ar na daltaí cad iad na hiarmhairtí atá láithreach/gearrthéarmach, suas go dtí deireadh na bliana 2001, a phlé. Luaitear dhá iarmhairt níos fadtéarmaí fosta mar chuid den ghníomhaíocht seo. Ba chóir go mbeadh aiseolas ranga uile ann ag an chéim seo den ghníomhaíocht.

* Ansin, scríobhann na daltaí ord na n-iarmhairtí san amlíne atá curtha ar fáil (Teimpléad B).

* Iarr ar na daltaí, ar bhonn aonair, iarmhairt amháin ionsaithe 11 Meán Fómhair a roghnú agus a mhíniú cad chuige a síleann siad gur seo an iarmhairt is tábhachtaí (Teimpléad C). D'fhéadfaí seo a chur i gcrích mar chuid de ghníomhaíocht Gach Ceann Teagasc Ceann (*Each One Teach One*).

* Glacann daltaí páirt i ndíospóireacht ranga uile ar thábhacht imeachtaí 11 Meán Fómhair idtaca le caidrimh idirnáisiúnta de. Cuir teimpléad ceistneora ar fáil do na daltaí (cuirfear seo ar fáil ag deireadh na háise seo) agus oibrigh tríd gach ceist. Déanann na daltaí nótaí agus tugann siad mínithe de réir mar a théann siad ar aghaidh (Teimpléad D).

Gníomhaíocht a Ceathair

Teimpléad A – Cártaí iarmhairtí

Iarmhairtí láithreacha

Thuairteáil Eitilt 11 de chuid American Airlines go L.A., a d'fhág Bostún ar 8 a.m., isteach i dTúr Thuaidh an Ionad Tráchtála Domhanda i gCathair Nua-Eabhrac. Ar 9.03 a.m., thuairteáil Eitilt 175 de chuid United Airlines ó Aerfort Logan i gCathair Nua-Eabhrac, isteach sa Túr Theas. Ar 8.20 a.m., d'fhág Eitilt 77 de chuid American Airlines Washington D.C. I dtrátha 10 a.m., thuairteáil sé isteach sa taobh Thiar den Pentagon in Washington D.C.

Thuairteáil Eitilt 93 de chuid United Airlines ó Newark, New Jersey, isteach i bpáirc in Pennsylvania i ndiaidh caismirte ar bord idir fuadaitheoirí agus paisinéirí. Bhí sí ar a bealach go San Francisco.

Maraíodh 2,977 duine sna hionsaithe, agus 19 bhfuadaitheoir san áireamh. Gortaíodh cuid mhór daoine go han-olc fosta. Fuair 343 bás idir pharaimhíochaineoir agus chomhraiceoir tine. Bhí formhór mór na ndaoine a fuair bás idir 35 agus 39 bliana d'aois. Measadh gurbh é 3,051 líon na bpáistí a chaill tuismitheoir sna hionsaithe seo agus ba é 1,609 líon na ndaoine a chaill páirtí nó céile.

Ar 11 Meán Fómhair stadadh de thaisteal in aerspás uile SAM agus Cheanada. Ordaíodh d'aerárthaigh teacht chun talaimh láithreach ag an aerfort is cóngaraí dóibh agus atreoraíodh eitleáin eile a bhí ag tarraingt ar SAM go tíortha eile i Meiriceá Theas agus sa Mhuir Chairib nó insíodh dóibh go díreach eitilt ar ais arís chun an bhaile. Lena chois seo, i SAM cuireadh gach eitilt inmheánach agus eitilt idirnáisiúnta ar ceal.

Iarmhairtí gearrthéarmacha

Bhí tionchar ollmhór ag na hionsaithe ar gheilleagar Mheiriceá. B'éigean do stocmhargaí SA druidim go dtí 17 Meán Fómhair 2001 agus, nuair a d'oscail siad arís, thit Meán Tionsclaíoch Dow Jones faoi 684 pointe – an titim is mó ariamh in aon lá amháin. Chaill stoic $1.4 trilliún dollar dá luach in 2001. Rinneadh damáiste mór don iomad gnólacht agus foirgneamh nó scriosadh iad i gCathair Nua-Eabhrac ar 9/11 (lena n-áirítear cuid mhór a bhí lonnaithe sna Túir Chúplacha féin).

12–14 Meán Fómhair, 2001

Sa dá lá i ndiaidh na n-ionsaithe, bhí cáineadh láithreach ann ó SAM agus ó chumhachtaí eachtracha.

D'fhógair George W. Bush go raibh SAM i gcogadh leis an sceimhlitheoireacht. Cháin Tony Blair, Príomh-Aire na RA ionsaithe 9/11. Dúirt Blair ar leithligh go seasfadh an Bhreatain 'taobh le SA' sa chath in éadan na sceimhlitheoireachta.

Sna laethanta i ndiaidh 9/11, d'fhógair mórán tíortha a ndlúthpháirtíocht le SAM, m.sh. chuir Jacques Chirac ón Fhrainc a thacaíocht in iúl agus cháin an Seansailéir Schroeder ón Ghearmáin na hionsaithe mar 'fhógairt cogaidh in éadan an domhain shibhialta.' In áiteanna eile, sna laethanta i ndiaidh na n-ionsaithe, cháin tíortha sa domhan Mhoslamach an t-uafás. Ina measc siúd bhí an Éigipt, Bairéin, an Iaráin, Cuáit, Éimin agus an Araib Shádach.

20–24 Meán Fómhair, 2001

Ar 20 Meán Fómhair, chum Bush go hoifigiúil an nath 'cogadh in éadan na sceimhlitheoireachta.' Imlonnaíodh trúpaí SA ar fud na hAfganastáine. Ar 20 Meán Fómhair, d'éiligh SA go dtabharfadh an Talaban Osama bin Laden ar láimh, nó go ndéanfaí ionradh orthu. D'éiligh Bush go ndéarfadh gach rialtas ar fud na cruinne cé acu bhí siad ar thaobh SAM sa chogadh nua seo in éadan na sceimhlitheoireachta, nó nach raibh. D'fhógair Putin ón Rúis a thacaíocht don chogadh in éadan na sceimhlitheoireachta ar 24 Meán Fómhair 2001. Cúpla lá ina dhiaidh sin, dúirt Musharraf ón Phacastáin go bhféadfadh SAM úsáid a bhaint as a haerbhunáiteanna le hionsaithe a lainseáil in éadan na hAfganastáine.

7 Deireadh Fómhair, 2001

Rinne grúpa de thrúpaí ECAT, faoi cheannas SA, ionradh ar an Afganastáin. I measc na dtíortha a bhí páirteach ann bhí Ceanada, an Ghearmáin agus an RA. Ba ghearr gur chloígh siad an Talaban ach níor maraíodh ná níor gabhadh Osama bin Laden.

Iarmhairtí níos fadtéarmaí

Bhí méadú ar ionsaithe frith-Mhoslamacha i ndiaidh ionsaithe 9/11. I Meiriceá, dúirt an FBI (*Federal Bureau of Investigation*) go raibh méadú 1,700% ar choireanna fuatha in éadan Moslamach Meiriceánach i ndiaidh 9/11. Leanadh de stéiréitíopáil Moslamach, Arabach agus daoine ón Mheánoirthear go coitianta fada buan ina dhiaidh seo.

Chosain Cogadh na hAfganastáine (2001) agus Cogadh na hIaráice (2003) ina dhiaidh sin, na trilliúin dollar agus an iomad beatha, in éineacht le costais slándála baile i SA de $5 trilliún ar a laghad.

Gníomhaíocht a Ceathair

Teimpléad B – Iarmhairtí ionsaithe 11 Meán Fómhair

Iarmhairtí láithreacha

Iarmhairtí gearrthéarmacha


Iarmhairtí níos fadtéarmaí

Gníomhaíocht a Ceathair

Teimpléad C – Tascanna breise

1. Éirigh i do shaineolaí ar iarmhairt amháin ionsaithe 11 Mean Fómhair. Tabhair cuntas mionsonraithe ar d'iarmhairt don chuid eile den rang. Bí cinnte go míníonn tú a tábhacht do chaidrimh idirnáisiúnta.

2. Roghnaigh iarmhairt láithreach amháin, agus iarmhairt ghearrthéarmach amháin agus iarmhairt níos fadtéarmaí amháin ionsaithe 11 Meán Fómhair. Déan taifead den iarmhairt a roghnaigh tú sa cholún ar thaobh na láimhe clé. Sa cholún ar thaobh na láimhe deise, mínigh a tábhacht do chaidreamh idirnáisiúnta.

Iarmhairt	**Tábhacht do chaidrimh idirnáisiúnta**
láithreach	
gearrthéarmach	
níos fadtéarmaí	

3. Mar rang, pléigh tábhacht fhoriomlán imeachtaí 11 Meán Fómhair, 2001 do chaidrimh idirnáisiúnta. Le cuidiú leat ullmhú don díospóireacht ranga, bain úsáid as an bhileog ceisteanna thíos le cuidiú leat teacht ar bhreithiúnas ar thábhacht 11 Meán Fómhair.

Gníomhaíocht a Ceathair

Teimpléad D – Cad é an tábhacht a bhí le himeachtaí 11 Meán Fómhair do chaidrimh idirnáisiúnta?

Ceisteanna a bheidh ina chuidiú cinneadh a dhéanamh ar an tábhacht	**Is ea nó ní hea?** **Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an tuairim seo?**	**Nótaí**
An ndeachaidh 11 Meán Fómhair i bhfeidhm ar líon mór daoine i SAM agus in áiteanna eile?		
An raibh na hiarmhairtí dearfach nó diúltach do SAM agus do chaidrimh idirnáisiúnta?		
An raibh na hiarmhairtí forleathan?		
Ar mhair na hiarmhairtí i bhfad?		
An bhfuil tábhacht le himeachtaí 11 Meán Fómhair ó thaobh ár dtuiscint ar an am atá caite?		
An bhfuil tábhacht le himeachtaí 11 Meán Fómhair ó thaobh ár dtuiscint ar an am i láthair?		
Ar athraigh tábhacht 11 Meán Fómhair le himeacht aimsire?		
Ar chúis 9/11 le hathrach tábhachtach i gcaidrimh idirnáisiúnta?		

Gníomhaíocht Daltaí: Cúis agus Éifeacht – Caidrimh Idirnáisiúnta, 1985–2003




Cad é mar a d'athraigh caidrimh idirnáisúnta sa tréimhse 1979–2003 agus cad chuige ar athraigh siad?
Cogadh na Sóivéidí san Afganastáin 1979–89
Deireadh an Chogaidh Fhuair agus teacht chun chinn ábhar nua teannais
Éifeacht ar chaidrimh
Gorbachev
Reagan
Titim an chumannachais agus deireadh an Chogaidh Fhuair
An aois nua coimhlinte
An '**cogadh** in éadan na sceimhlitheoireachta'

Gníomhaíocht A Cúig

Cleachtadh Scrúdaithe

1. Déan staidéar ar **Fhoinse A** agus freagair an cheist a leanann:

Foinse A

Príomh-Aire na Breataine, Tony Blair, ag caint le muintir na Breataine, Deireadh Fómhair 2001

> Thug muid le fios go soiléir i ndiaidh ionsaithe 11 Meán Fómhair ar na Stáit Aontaithe go ndéanfadh muid beart nuair ba léir cé ba chiontaí astu. Níl aon amhras ar bith ar m'intinn, nó ar intinn aon duine ar bith a léigh an fhianaise uilig atá ar fáil, gur ndearadh an líonra Al-Qaeda, faoi cheannasaíocht Osama bin Laden, na hionsaithe sin. Ná déanaimis dearmad, b'ionann ionsaithe 11 Meán Fómhair agus an t-anfhorlann sceimhlitheoireachta is measa i gcoinne mhuintir na Breataine sa stair. Is ionann dúnmharú saoránaigh de chuid na Breataine agus ionsaí ar an Bhreatain, tarlaíodh sé thar lear nó ná tarlaíodh sé. Ach fiú más rud é nach bhfuair saoránach de chuid na Breataine bás, bheadh an ceart againn beart a dhéanamh.
>
> *© BBC News*

Cad é a insíonn **Foinse A** dúinn faoi fhreagairt Phríomh-Aire na Breataine ar eachtraí Mheán Fómhair 2001? (4 mharc)

2. Déan staidéar ar **Fhoinse B agus ar Fhoinse C** agus freagair na ceisteanna a leanann:

Cartún le David John Eden, cartúnaí polaitíochta Meiriceánacha, ag nochtadh a thuairimí faoin 'chogadh in éadán na sceimhlitheoireachta' a foilsíodh in 2010.

© David John Eden

Foinse C

Sliocht as suíomh gréasáin ar an Idirlíon a foilsíodh in 2016, ina bhfuil duine ag míniú na dtuairimí atá aige agus é ag cáineadh an 'chogaidh in éadán na sceimhlitheoireachta'.

Dhéanfainn an cás gur mó na téipeanna atá ag Meiriceá ina 'chogadh in éadan na sceimhlitheoireachta' ná a chuid buanna. Dar liom, scaipeadh gréasán Al-Qaeda mar gheall ar an chogadh san Afganastáin, agus bhí sé níos deacra arís eile iad a aimsiú dá bharr, agus mhéadaigh an frith-Mheiriceánachas i measc Mhoslamaigh an domhain mar gheall ar na hionsaithe san Afganastáin agus san Iaráic. Maíonn daoine eile a thacaíonn le mo thuairimí gurb í an mhian atá ag Meiriceá an domhan a smachtú bun agus barr lena chogadh in éadan na sceimhlitheoireachta. Agus mar chuid den domhan a smachtú, beidh taiscí ola an domhain ag Meiriceá, beidh méadú ar láithreacht idirnáisúnta an airm, agus ag déanamh ionsaithe ar chumhacht ar bith a chuireann ina gcoinne.

© Encyclopedia Britannica 2017

Tugann Foinse B agus Foinse C dearcthaí difriúla faoin éifeacht atá ag an 'chogadh in éadan na sceimhlitheoireachta'.

(a) Mínigh **dhá** dhóigh ar a n-easaontaíonn na dearcthaí seo. (2 x 2 mharc)

(b) Luaigh fáth **amháin** a bhfuil na dearcthaí i **bhFoinse B agus i bhFoinse C** difriúil. (2 mharc)

3. Déan staidéar ar **Fhoinse D** thíos agus freagair an cheist a leanann:

Foinse D

Sliocht as alt nuachtán sa *New York Times*, a foilsíodh 11 Meán Fómhair, 2008.

Ní chreideann Arabaigh sa Mheánoirthear an scéal oifigiúil faoi a tharla ar 11 Meán Fómhair 2001 agus síleann siad go raibh baint ag rialtas na Stáit Aontaithe féin leis na hionsaithe sceimhlitheoireachta. I bhfírinne i ndiaidh seacht mbliana, is é an dearcadh anseo go fóill nach dtiocfadh le Osama bin Laden agus Al-Qaeda amháin a bheith freagrach as hionsaithe 11 Meán Fómhair, 2001 agus caithfidh sé go raibh baint ag na Stáit Aontaithe leis na hionsaithe a phleanáil agus á gcur i gcrích féin. Agus amharc cad é a tharla ina dhiaidh seo-rinne na Meiriceánaigh ionradh ar dhá thír Mhoslamacha. Bhain siad úsáid as ionsaithe 11 Meán Fómhair mar leithscéal agus chuaigh siad chun cogaíochta san Iaráic.

© 2007-2017 Dissident Voice

(c) Cé chomh hinchreidte atá an dearcadh i **bhFoinse D** faoi ionsaithe 11 Meán Fómhair?

Mínigh do fhreagra ag baint úsáid as **Foinse D** agus **as d'eolas comhthéacsúil**.

4 Déan staidéar ar **Fhoinsí B, C agus D** arís agus freagair an cheist thíos.

Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an tuairim i **bhFoinse D** gur bhain Meiriceá "úsáid as ionsaithe 11 Meán Fómhair agus go ndeachaigh siad chun cogaíochta san Iaráic"?

I do fhreagra, **caithfidh** tú úsáid a bhaint as **Foinsí B, C agus D** agus **as eolas de do chuid féin**.

Roinn B – Ceisteanna samplacha

- Cuir síos ar dhá fháth leis na hionsaithe 11 Meán Fómhair. (2 x 2 mharc)

- Cuir síos ar dhá iarmhairt ar chaidrimh idirnáisiúnta mar gheall ar an Chogadh san Iaráic. (2 x 2 mharc)

Cad iad na dóigheanna ar athraigh caidrimh idirnáisiúnta sa tréimhse 1979 go dtí 2003?

- **Ionradh na Sóivéidí ar an Afganastáin agus a thionchar**
- **Deireadh an Chogaidh Fhuair**
- **An aois nua Coimhlinte**

Ceist shamplach d'aiste

(Bain úsáid as na treoracha seo a leanas i do fhreagra. **Caithfidh** tú úsáid a bhaint as eolas de do chuid féin fosta.)